Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2025
(OR. en)

10217/25

LIMITE

CCG 24

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0125(NLE)

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann lena leathnaítear incháilitheacht na hÚcráine le haghaidh cabhair cheangailte |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann lena leathnaítear incháilitheacht na hÚcráine le haghaidh cabhair cheangailte**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

PUBLIC

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na treoirlínte atá sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('an Socrú') a forbraíodh faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), rinneadh iad a thrasuí agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach ó thaobh an dlí san Aontas iad de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(2) Leagtar síos in Airteagal 32 den Socrú na coinníollacha incháilitheachta tíre le haghaidh cabhair cheangailte. I gcomhréir le mír (a) den Airteagal sin, ní fhéadfar aon chabhair cheangailte a thabhairt do thíortha a bhfuil a n-ollioncam náisiúnta *per capita* os cionn na huasteorann le haghaidh tíortha íseal-mheánioncaim de réir shonraí an Bhainc Dhomhanda. Ní dhéantar tír a athaicmiú ach amháin sa chás nach bhfuil aon athrú tagtha ar a catagóir de réir an Bhainc Dhomhanda tar éis 2 bhliain i ndiaidh a chéile.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 35(e) den Socrú, féadfaidh Rannpháirtí sa Socrú, go heisceachtúil agus faoi réir Líne Choiteann a ghlacadh, cabhair cheangailte a thabhairt do thír nach mbeadh incháilithe murach sin de bhun Airteagal 32 den Socrú.

(4) I mí Iúil 2025, d'aicmigh an Banc Domhanda an Úcráin mar thír ard-mheánioncaim den dara huair. Tugtar le tuiscint leis sin nach bhfuil an Úcráin incháilithe chun cabhair cheangailte a fháil a thuilleadh. Mar sin féin, i gcomhréir le tiomantas buanseasmhach an Aontais tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá, is chun leas an Aontais é leanúint de bheith in ann cabhair cheangailte a thabhairt don Úcráin.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1233/oj).

(5) Tá na Rannpháirtithe sa Socrú (‘na Rannpháirtithe’) le cinneadh a dhéanamh, i nós imeachta i scríbhinn, maidir le togra an Aontais Eorpaigh le haghaidh Líne Choiteann i gcomhréir le Caibidil IV, Roinn 5 den Socrú chun incháilitheacht na hÚcráine le haghaidh cabhair cheangailte a leathnú.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 59(a) den Socrú, bíonn Línte Coiteanna bailí ar feadh tréimhse 2 bhliain. Féadfar síneadh a chur le Línte Coiteanna nach mbaineann le hidirbheart sonrach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 54 go 58 den Socrú. Ó tharla go bhféadfadh sé go mbeadh ar an Aontas leanúint de thacaíocht eisceachtúil a thabhairt don Úcráin ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain, is chun leas an Aontais é a bheith in ann teacht ar chomhaontú maidir le síneadh suas le 4 bliana ar a mhéad a chur leis an Líne Choiteann atá beartaithe.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann lena leathnaítear incháilitheacht na hÚcráine le haghaidh cabhair cheangailte chomh maith leis an síneadh breise a d’fhéadfaí a chur léi, a bhunú, ó tharla go mbeidh an Líne Choiteann atá beartaithe, nuair a thiocfar ar chomhaontú fúithi, ina ceangal ar an Aontas, agus beifear in ann tionchar suntasach a imirt ar a bhfuil i ndlí an Aontais léi de bhua Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ó na Rannpháirtithe tacú leis an togra bunaithe ar an dréacht-Líne Choiteann atá i gceangal leis an gCinneadh seo, agus tacú le síneadh a d’fhéadfaí a chur léi,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe sa Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('na Rannpháirtithe') a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann lena leathnaítear incháilitheacht na hÚcráine le haghaidh cabhair cheangailte, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Líne Choiteann atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an Líne Choiteann dá dtagraítear i mír 1 tacú leis an síneadh suas le 4 bliana ar a mhéad.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC